

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE
for teachers
Seisiún Roghnach DRC
néal-bhunaithe

Reáchtáil foireann Jct4, i gcomhpháirtíocht le hIonaid Tacaíochta Oideachais Éireann (ESCI) sraith de cheardlanna roghnacha ar líne a thug deis do mhúinteoirí ábhair Theicneolaíochta na Sraithe Sóisearaí iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir DRC a úsáid mar uirlis teagaisc agus foghlama. D'fhreastail an cheardlann ar mhúinteoirí ar bheagán taithí agus orthu siúd a bhí ag iarraidh gnéithe níos casta de DRC a fhiosrú.



Coinnigh súil ar Twitter [@Jct4ed](#) agus ar Ionaid Oideachais áitiúla áit ar féidir go dtairgí tuilleadh seisiúin roghnacha.

Fáilte


Fáilte chuig Nuachtlitir Ghrafaice Jct4 Shamhradh 2022 agus tá súil againn ar fháil na nuachtlitreach seo go bhfuil tú féin agus do chúram go maith. Dóibh siúd agaibh atá ina léitheoirí nua dár nuachtlitir, tá fáilte mhór romhaibh. Is féidir nuachtlitreacha roimhe seo a fheiceáil [anseo](#). San eagrán seo tugaimid breac-chuntas ar roinnt den eolas is déanaí ó bhí Nuachtlitir Earrach 2022 ann.

FGL Grafaice 2021/2022

Ón 7 Márta, chuaigh foireann Ghrafaice Jct4 i dteagmháil le 1,124 múinteoir Grafaice le linn chnuasach FGL 2021/2022. I rith an lae rinne múinteoirí machnamh ar a dtaithe ar an turas foghlama sa Ghrafaic, rinne siad iniúchadh ar chuir chuige oideolaíochta maidir le réasúnaíocht spásúil a fhorbairt sa seomra ranga, agus phléigh siad ról chomhpháirteanna CSS sa Ghrafaic. Má chaill tú an lá FGL nó más mian leat dul siar ar na hábhair, tá na hacmhainní FGL go léir a úsáideadh ar an lá ar fáil trí chliceáil ar na híomhánna thíos. Buíochas mór leis na múinteoirí go léir a ghlac an t-am chun freastal ar na ceardlanna agus chun plé a dhéanamh le comhghleacaithe i rith an lae.



Iniúchadh a dhéanamh ar Ghearradh Léasair in Ábhair na dTeicneolaíochtaí



I mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2022, chomhoibrigh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) i gConamara agus an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) chun deis a thabhairt do mhúinteoirí iniúchadh a dhéanamh ar úsáid éifeachtach gearrthóirí/bioracha greanta Léasair i sraith na n-ábhar Teicneolaíochta.

Le linn na n-imeachtaí beo, fiosraíodh roinnt topaicí le múinteoirí. Tá sraith fiseáin thaifeadta ann, a léiríonn bunús an chineáil ábhair a ndearnadh


iniúchadh air le linn na n-imeachtaí seo, atá ar fáil do mhúinteoirí trí chliceáil ar na híomhánna ar thaobh na láimhe clé.

Tacaí don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

Tá roinnt tacaí ann a d'fhorbair foireann Jct4 a d'fhéadfadh a bheith úsáideach agaibh agus sibh ag gabháil do chruinniú AFMÁ, mar mhúinteoirí nó mar éascaitheoirí. Is féidir teacht ar na tacaí do gach ceann de na hábhair Theicneolaíochta sa rannán measúnaithe dár suíomh gréasáin, do gach ceann de na hábhair Theicneolaíochta, nó trí chliceáil ar an íomhá thíos.



ETI(E)M sa tSraith Shóisearach 2021/2022



Reáchtáil ETI(E)M sa tSraith Shóisearach roinnt imeachtaí ar líne i rith mhí Feabhra agus mhí an Mhárta. D'eascair na himeachtaí as comhpháirtíocht idir SSM agus aon cheann déag de phairtnéirí for-rochtana oideachais ar saineolaithe ina réimse iad. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi aon cheann de na comhpháirtithe nó chun dul siar ar na hábhair a dearadh do na himeachtaí cliceáil anseo.

Coinnigh i dteagmháil

Chun coinneáil suas chun dáta le Grafaic Jct4 cláraigh ar ár [liosta seoltaí](#) agus lean muid ar Twitter [@Jct4ed](#).



[@Jct4ed](#)



Comhpháirtíocht Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI)

Bhí an-áthas ar fhoireann Jct4 dul i gcomhpháirtíocht arís le Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) do Thaispeántas Grafaice na Sraithe Sóisearaí 2022. Míle buíochas leis na scoláirí go léir agus lena múinteoirí a chuir samplaí iontacha isteach d'iniúchadh a rinneadh ar fhoirgnimh agus ar rudaí a léiríonn dearadh cruthaitheach agus cliste. Féach ar thaispeántas na bliana seo trí Twitter [@Jct4ed](#) agus [@RIALonline](#) nó cliceáil ar an íomhá ar dheis. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi obair an RIAI, tabhair cuairt ar [www.RIAI.ie](#).



Lá Náisiúnta Líníochta 2022



Gach bliain, déanann [Gailearaí Náisiúnta na hÉireann](#), mar aon leis an iliomad músaem, dánlann, leabharlann agus eagraíochtaí cultúrtha ar fud oileán na hÉireann daoine a spreagadh chun pictiúr a tharraingt ar an Lá Náisiúnta

Líníochta. Lean an haischlib [#NationalDrawingDay](#) ar [Twitter](#), le haghaidh nuashonruithe agus imeachtaí. Chun féachaint ar liosta na gcomhpháirtithe a bhíonn ag cur le rannpháirtíocht sa Lá Náisiúnta Líníochta, lena n-áirítear lucht Grafaice na Sraithe Sóisearaí, cliceáil ar an íomhá thuas.

Grafaic sa Nuacht!

Bímid i gcónaí ag faire amach d'ailt nuachta, físeáin, láithreáin ghréasáin agus acmhainní eile a d'fhéadfadh a bheith ina ndíol spéise daoibh féin agus do bhur scoláirí. D'fhéadfadh roinnt gníomhaíochtaí nó comhraithe spésiúla teacht ó na naisc thíos bunaithe ar na torthaí foghlama seo a leanas:


1.8 dul chun cinn smaointe agus smaointeoireachta a chur in iúl i rith gníomhaíochta le meáin éagsúla.

2.1 ionramháil earraí 3T a amharcléiriú.


3.3 a thuiscint spásúil a thaispeáint le samhaltú agus/nó ionsamhlú.



[Bunphrionsabail an Dearaidh](#)



[Tógálaí Bloc](#)




[Leacphaca Pasta – 2T go 3T](#)

Guímid sos samhraidh sábháilte agus suaimhneach oraibh go léir, **Foireann Ghrafaice Jct4**



Gerard Duff



Tanya Powell



Ruairí Farrell



John Kilgannon



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE
for teachers